



Socruithe Ath-implonaithe ag Leibhéal na hIar-bhunscoile do Buanmhúinteoirí agus Múinteoirí ar Chonradh Téarma Éiginnte (*Contract of Indefinite Duration, CTÉ*)

Márta 2017

Ní bhaineann an t-eolas a thugtar sa doiciméad seo ach le múinteoirí faoi scáth Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2018 (Comhaontú Bhóthar Haddington/Bhóthar Lansdún.

Baineann an doiciméad seo le hath-implonú múinteoirí de réir [Chiorclán 0024/2015 - Feidhmiú mholtaí an ghrúpa saineolaithe ar fhostaíocht téarma seasta agus pháirtaimseartha san oideachas bunscoile agus san oideachas dara leibhéal in Éirinn.](#)

Ba chóir an doiciméad seo a léamh i gcomhar leis an doiciméad [Ceisteanna Coitianta – Scéim Ath-implonaithe Iar-bhunscoile.](#)

Tá an doiciméad seo leagtha amach i bhformáid Ceisteanna Coitianta agus tá sé ceaptha chun cabhrú le bainistíocht na scoile agus le múinteoirí an próiseas ath-implonaithe a fheidhmiú ag leibhéal na hiar-bhunscoile. Cuirfear tuilleadh Ceisteanna Coitianta leis de réir mar is gá.

Ba chóir gach ceann de na ceisteanna coitianta sa doiciméad seo a léamh sa chomhthéacs gurb é an fheidhm bhunúsach atá ag na socruithe ath-implonaithe ná ath-implonú na mbuanmhúinteoirí/ múinteoirí CTÉ le cois chuig scoileanna eile ina bhfuil folúntais a éascú. Tá ath-implonú na mbuanmhúinteoirí/múinteoirí CTÉ le cois fíorthábhachtach maidir le cumas na Roinne feidhmiú laistigh dá buiséad párolla agus dá huasteorainn ar uimhreacha múinteoirí.

Tá an doiciméad seo leagtha amach ina 2 chuid mar seo a leanas:

Cuid 1 Ath-implonú múinteora a bhí i dteideal CTÉ a fháil mar thoradh ar ionadaíocht a dhéanamh do mhúinteoir a bhí ar shos gairme nó ar iasacht.

Cuid 2 Ath-implonú múinteora nuair a bhíonn mí-oiriúnú curaclaim i gceist.

Cuid 1 **Ath-implonnú múinteora a bhí i dteideal CTÉ a fháil mar thoradh ar ionadaíocht a dhéanamh do mhúinteoir a bhí ar shos gairme nó ar iasacht.**

- 1. Nuair atá múinteoir atá i seilbh CTÉ, a fuarthas mar thoradh ar ionadaíocht a dhéanamh do mhúinteoir ar shos gairme nó ar iasacht, ag scoil/BOO agus go bhfuil an múinteoir atá as láthair ag filleadh ar an obair sa chéad scoilbhliain eile, conas a chuireann an scoil/BOO é sin in iúl don Roinn?**

Ní mór do bhainistíocht na scoile/don phríomhoifigeach é a chur in iúl do Rannóg Leithdháiltí Múinteoirí na Roinne trí [Fhoirm RD3](#) a chur isteach - *Dearbhú ó scoil a bhfuil múinteoir ag filleadh chuici i ndiaidh a bheith ar shos gairme nó ar iasacht áit a bhfuair an múinteoir CTÉ den chéad uair faoi Chiorclán 0024/2015 - Cuid A (2)* .

- 2. Nuair atá múinteoir ag scoil/BOO a bhfuil CTÉ aige/aici a fuarthas mar thoradh ar ionadaíocht a dhéanamh do mhúinteoir ar shos gairme nó ar iasacht, agus go bhfuil an múinteoir atá as láthair ag filleadh ar an obair sa chéad scoilbhliain eile, an féidir an múinteoir athsholáthair a ainmniú i gcomhair ath-implonaithe?**

Is féidir. Nuair atá múinteoir i dteideal CTÉ de réir fhorálacha Chuid A (2) de Chiorclán 0024/2015 agus go bhfuil an buanmhúinteoir ag filleadh ó bheith ar shos gairme nó ar iasacht, ainmneofar an múinteoir athsholáthair i gcomhair ath-implonaithe.

- 3. Nuair atá níos mó ná múinteoir amháin i dteideal CTÉ mar thoradh ar theacht in ionad múinteora atá ar shos gairme/ar iasacht, agus go bhfuil an múinteoir ag filleadh ar an obair sa chéad scoilbhliain eile, cé acu de na múinteoirí athsholáthair a ainmneofar i gcomhair ath-implonaithe?**

Ainmneofar aon mhúinteoir atá i dteideal CTÉ de réir fhorálacha Chuid A (2) de Chiorclán 0024/2015 i gcomhair ath-implonaithe nuair a thagann an múinteoir ar ais ó bheith ar shos gairme nó ar iasacht.

4. Nuair atá múinteoir atá i seilbh CTÉ, a fuarthas mar thoradh ar ionadaíocht a dhéanamh do mhúinteoir ar shos gairme nó ar iasacht, ag scoil/BOO agus go bhfuil an múinteoir atá as láthair ag filleadh ar an obair sa chéad scoilbhliain eile, an féidir an múinteoir athsholáthair a choinneáil sa scoil/BOO?

Is féidir. Nuair atá buanmhúinteoir ag filleadh ó bheith ar shos gairme nó ar iasacht, agus go bhfuil soláthar ag an scoil/BOO laistigh den leithdháileadh i leith soláthar foirne atá ceadaithe di/dó, is féidir an múinteoir a choinneáil sa scoil/BOO.

5. Nuair atá múinteoir ag scoil/BOO a bhfuil CTÉ aige/aici a fuarthas mar thoradh ar ionadaíocht a dhéanamh do mhúinteoir ar shos gairme nó ar iasacht, agus go bhfuil an múinteoir atá as láthair ag filleadh ar an obair sa chéad scoilbhliain eile, an féidir leis an múinteoir seo iarratas a dhéanamh ar ath-implonú deonach?

Nuair atá buanmhúinteoir ag filleadh ó bheith ar shos gairme nó ar iasacht, agus go bhfuil an scoil/BOO ag ainmniú an mhúinteora athsholáthair i gcomhair ath-implonnaithe, is féidir le bainistíocht na scoile cead a thabhairt don mhúinteoir atá ag filleadh ó bheith ar shos gairme/ar iasacht iarratas a dhéanamh ar ath-implonú deonach.

D'fhéadfaí, faoi réir ag coinníollacha áirithe, iarrthóir deonach a ath-implonú seachas ainmní éigeantach.

6. Nuair atá soláthar foirne sa bhreis ar a leithdháileadh ag scoil/BOO agus go bhfuil múinteoir ag filleadh ó bheith ar shos gairme nó ar iasacht sa chéad scoilbhliain eile, conas a roghnaítear múinteoir le hainmniú i gcomhair ath-implonnaithe?

Ar an gcéad dul síos, ní mór don scoil/BOO an múinteoir a bhí i dteideal CTÉ a fháil mar thoradh ar ionadaíocht a dhéanamh ar son múinteora a bhí ar shos gairme nó ar iasacht a ainmniú i gcomhair ath-implonnaithe.

Nuair a ainmníonn scoil/BOO múinteoir i gcomhair ath-implonnaithe agus fós féin go bhfuil soláthar foirne sa bhreis ar a leithdháileadh ag scoil, tagann téarmaí na scéime [Ath-implonnaithe do scoileanna i bhfeidhm i gcásanna seachas](#) dúnadh scoile.

7. An bhfuil próiseas achomhairc ann do mhúinteoir a ainmnítear i gcomhair ath-implonnaithe?

Níl aon phróiseas achomhairc ann i gcás múinteora a bhí i dteideal CTÉ a fháil mar thoradh ar ionadaíocht a dhéanamh do mhúinteoir a bhí as láthair ar shos gairme nó ar iasacht agus atá ainmnithe i gcomhair ath-implonnaithe mar go bhfuil an múinteoir a bhí as láthair ag filleadh ar an scoil sa chéad scoilbhliain eile.

8. Conas a dhéanann múinteoir iarratas ar ath-implonú?

Ní mór do mhúinteoir atá ainmnithe ag scoil i gcomhair ath-implonnaithe agus múinteoir atá ag déanamh iarratais ar ath-implonú deonach [Foirm RD1 – Iarratas ar ath-implonú de réir scéimeanna ath-implonnaithe iarbhunscolaíochta ó mhúinteoir buan / ar Conradh Tréimhse Éiginnte](#)

Cuid 2 Ath-implonú múinteora nuair a bhíonn mí-oiriúnú curaclaim i gceist

1. Conas a bhíonn a fhios agam go bhfuil mí-oiriúnú curaclaim i mo scoil/BOO?

Bíonn mí-oiriúnú curaclaim ann nuair atá níos mó acmhainní múinteoireachta ag scoil in ábhar/in ábhair ná mar a theastaíonn chun riachtanais an churaclaim a shásamh san ábhar/sna hábhair i scoilbhliain shainmhínithe faoi leith.

2. Cad a tharlaíonn má tá mí-oiriúnú curaclaim i mo scoil/BOO?

Nuair atá mí-oiriúnú curaclaim i scoil/BOO, **agus** nuair atá duine amháin nó níos mó de na múinteoirí atá i gceist i dteideal CTÉ de réir Chuid A de [Chiorclán 0024/2015 - Feidhmiú mholtaí an ghrúpa saineolaithe ar fhostaíocht téarma seasta agus pháirtaimseartha san oideachas bunscoile agus san oideachas dara leibhéal in Éirinn](#)- ní mór don scoil/BOO an múinteoir is sóisearaí atá i dteideal CTÉ faoi Chuid A de Chiorclán 0024/2015 a ainmniú i gcomhair ath-implonnaithe.

I gcásanna mar sin, tá sé de chead ag múinteoirí an ábhair/na n-ábhar le cois sa scoil/BOO iarratas a dhéanamh ar ath-implonú. D'fhéadfaí iarratasóir deonach, faoi réir coinníollacha áirithe, a ath-implonú in ionad ainmní éigeantach.

3. Nuair atá mí-oiriúnú curaclaim i scoil/BOO, conas a roghnaítear múinteoir le hainmniú i gcomhair ath-implonnaithe?

Sa chás nach bhfuil ach múinteoir amháin atá clúdaithe ag an scéim seo san ábhar/ sna hábhair ábhartha fostaithe ag scoil/BOO, is féidir leis an scoil/BOO an múinteoir sin a ainmniú i gcomhair ath-implonnaithe.

Sa chás go bhfuil níos mó ná múinteoir amháin atá clúdaithe ag an scéim seo san ábhar/sna hábhair ábhartha fostaithe ag scoil/BOO, déanfaidh bainistíocht na scoile/ an Príomhoifigeach an múinteoir is sóisearaí atá i dteideal CTÉ faoi Chuid A de Chiorclán 0024/2015 a ainmniú i gcomhair ath-implonnaithe de réir [na Scéime Ath-implonnaithe do mhúinteoirí le cois riachtanas seachas i gcás dúnadh scoile](#).

4. Nuair atá mí-oiriúnú curaclaim i scoil/BOO, an féidir le múinteoir sa scoil/BOO iarratas a dhéanamh ar ath-implonú deonach?

Is féidir le múinteoirí buan/CTÉ san ábhar/sna hábhair chéanna ina bhfuil an mí-oiriúnú iarratas a dhéanamh ar ath-implonú deonach.

5. Nuair atá mí-oiriúnú curaclaim i scoil/BOO agus go bhfuil soláthar foirne sa bhreis ar a leithdháileadh ag an scoil/BOO, conas a roghnaítear múinteoir i gcomhair ath-implonaithe?

Ar an gcéad dul síos, ní mór don scoil/BOO múinteoir/múinteoirí a ainmniú i gcomhair ath-implonaithe de réir théarmaí [na Scéime Ath-implonaithe do mhúinteoirí le cois riachtanas seachas i gcásanna ina bhfuil dúnadh scoile i gceist.](#)

Nuair atá múinteoir(i) ainmnithe i gcomhair ath-implonaithe chun go mbeadh an soláthar foirne laistigh den leithdháileadh atá ceadaithe dóibh, más ann do mhí-oiriúnú curaclaim fós, déanfaidh an scoil/an Príomhoifigeach an múinteoir is sóisearaí san ábhar ina bhfuil mí-oiriúnú agus atá i dteideal CTÉ faoi Chuid A de Chiorclán 0024/2015 a ainmniú de réir na dtéarmaí i gCuid D de [Chiorclán 0024/2015.](#)

6. Nuair atá CTÉ ag múinteoir i níos mó ná meánscoil nó scoil Chuimsitheach agus Pobalscoil amháin agus go n-ainmnítear é/í i gcomhair ath-implonaithe ó cheann de na scoileanna sin, cad é an nós imeachta?

Má tá soláthar ag scoil eile ina bhfuil CTÉ ag an múinteoir, laistigh den leithdháileadh atá ceadaithe di maidir le soláthar foirne, déanfar an múinteoir a ath-implonú chuig an scoil sin.

I ngach cás eile, déanfar an múinteoir a ath-implonú amach as gach scoil ina bhfuil CTÉ aige/aici agus isteach i scoil nua i bpost do mhéid iomlán na n-uaireanta CTÉ.

7. An bhfuil próiseas achomhairc ann do mhúinteoir a ainmníodh i gcomhair ath-implonaithe mar thoradh ar mhí-oiriúnú curaclaim?

Is féidir. Tá cead ag aon mhúinteoir a ainmnítear i gcomhair ath-implonaithe achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin má cheapann sé/sí nár comhlíonadh an próiseas agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa chomhaontú ath-implonaithe. Ní mór don mhúinteoir [Foirm RD10 - Achomharc i gcoinne ainmniúcháin le hath-implonú a chomhlánú](#) agus í a bheith deimhnithe ag an mBord Bainistíochta/ag an bPríomhoifigeach agus í a chur ar ais chuig an Roinn faoin dáta atá sonraithe gach bliain sna socruithe a fhoilsíonn an Roinn maidir le soláthar foirne. Cuirtear an fhoirm sin ar fáil do na Stiúrthóirí ar Ath-implonú.

8. Conas a dhéanann múinteoir iarratas ar ath-implonú?

Ní mór do mhúinteoir a ainmnítear ag scoil/BOO i gcomhair ath-implonaithe agus múinteoir atá ag déanamh iarratais ar ath-implonú deonach [Foirm RD1 – Iarratas ar ath-implonú de réir scéimeanna ath-implonaithe iarbhunscolaíochta ó mhúinteoir buan / ar Conradh Tréimhse Éiginnte a chomhlánú.](#)